C/2024/638

5.1.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2023

lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Ísiltír agus don Rómáin

(C/2024/638)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir rialtais na mBallstát agus eagraíochtaí na bhfostaithe agus eagraíochtaí na bhfostóirí faoi bhráid na Comhairle,

Ag féachaint do liostaí chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EU-OSHA don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá dhá thogra curtha isteach ag an eagraíocht fostaithe, Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC), agus ag an eagraíocht fostóirí, BusinessEurope, maidir le dhá phost atá le líonadh don Ísiltír agus don Rómáin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EU-OSHA don tréimhse dar críoch an 31 Márta 2027:

IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

Ballstát	Comhalta malartach
an Ísiltír	Marike SCHOONEVELDT

IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

Ballstát	Comhalta malartach
an Rómáin	Marius OLARIU

Airteagal 2

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

([1]) IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 19).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Y. DÍAZ PÉREZ